



Ceann na hEacnamaíochta – Grád Oifigigh Feidhmiúcháin Shinsearaigh

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta atá ag obair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fíis na Gníomhaireachta tithe a sholáthar dóibh siúd a bhfuil gá acu leo. Déanann sí é sin trí léargais agus sonraí bunaithe ar fhianaise maidir le tithíocht a sholáthar, lena ndéantar smaoineoireacht agus ceapadh beartas a threorú; trí obair a dhéanamh le daoine eile chun soláthar réiteach maidir le tithíocht a chumasú agus chun cláir agus gníomhartha i mbeartas tithíochta an Rialtais a chur i bhfeidhm; agus tríd an inniúlacht a thabhairt di féin agus dá páirtithe leasmhara a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar dhúshláin sa chóras tithíochta.

Baineann trí théama leathana le hobair na Gníomhaireachta maidir le tithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a chur ar fáil do chách agus tá ár bhfócas leanúnach ar bharrfheabhas san Eagraíocht ina chuidiú leis an méid seo a chur i gcrích. Is iad seo leanas na trí théama sin:

- Bheith ina lárionad maidir le heolas ar thithíocht;
- Dul i ngleic le Soláthar agus Inacmhainneacht Tithíochta
- Tacú le Pobail Inbhuanaithe agus Ionchuimsitheacha a Fhorbairt.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear:

- Cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le gnéithe uile na feidhme tithíochta dá gcuid
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh tithíochta inacmhainne, lena n-áirítear scéimeanna um chíos de réir costais agus scéimeanna ceannaigh inacmhainne
- Tithe a aimsiú agus réadmhaoin a fhoinsiú le haghaidh tithíocht shóisialta
- An Ciste Croí Cónaithe a bhainistiú
- Comhairle theicniúil agus tacaíochtaí teicniúla d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) maidir le tógáil caipitil agus tionscadail athfheistithe agus soláthar
- Measúnuithe airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú CTC
- An tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chomhordú
- Morgáiste go Cíos
- Taighde, anailís airgeadais agus comhairle maidir le beartas
- Na Scéimeanna um Leasúchán Piríte agus Bloic Choincréite Fhabhtacha
- Forbairt agus bainistíocht talún
- Frithghealladh lasachta
- Oiliúint agus faisnéis do chleachtóirí tithíochta
- An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas/Dul i ngleic le hionchuimsiú Sóisialta

Tá tuilleadh faisnéise faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ag www.housingagency.ie

Tá iarratais á lorg anois ag an nGníomhaireacht Tithíochta maidir le folúntas do **Cheann na hEacnamaíochta** ar bhonn buan, ach déanfar iarratais a bhreithniú le haghaidh socrúchán ar iasacht. Tá an post seo bunaithe inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath 2. Tá Beartas Oibre Cumaisc á oibriú ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

Glactar leis go mbeidh an té a cheapfar ina b(h)all foirne a mbeidh baint ghníomhach aige/aici le forbairt fhoriomlán na Gníomhaireachta Tithíochta, a chuirfidh beartais na Gníomhaireachta Tithíochta chun cinn i gcónaí agus a chloífidh le luachanna na Gníomhaireachta Tithíochta: <https://www.housingagency.ie/publications/strategy-annual-report>.

Values



The values of the Housing Agency set the standard for the way we work with our colleagues and our stakeholders. In this strategic period, we will continue to embed our values throughout the organisation to guide and inform everything we do.

We will place a particular focus on internal and external collaboration. We have placed people at the centre of everything we do to highlight the importance of our staff, our stakeholders, and the people we are working to support with housing needs.



Diversity
Charter
Ireland



Investors in
Diversity | SILVER

Príomhdhualgais agus Freagrachtaí an Róil:

Tuairisceoidh Ceann na hEacnamaíochta go díreach do Stiúrthóir na Léargas agus n-Oibríochtaí agus beidh sé nó sí freagrach as coinníollacha eacnamaíochta a thuiscint agus a thuar agus comhairle a thabhairt do bhainistíocht shinsearach maidir le himpleachtaí do phríomhscéimeanna a bhfeabhsóidh caighdeán cinntí straitéiseacha a ghlacann an Gníomhaireacht. Sa chomhthéacs sin, is éard atá i gceist leis an méid seo a leanas ná forléargas (neamhiomlán) ar roinnt príomh-dhualgas agus freagrachtaí a bhaineann leis an bpost:

- Ceannasaíocht, bainistíocht (lena n-áirítear bainistíocht feidhmíochta), forbraíocht, oiliúint, oideachas ar fhoireann eacnamaíthe chun na caighdeáin is airde a chinntiú;
- Caidrimh a fhorbairt agus a chothabháil le páirtithe leasmhara lena n-áirítear bainistíocht shinsearach, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, anailísithe airgeadais agus anailísithe eile, agus téigh i gcomhairle leo mar is cuí;
- Sonraí a bhailiú, a anailísiú agus a thuiscint maidir leis an margadh tithíochta agus an geilleagar i gcoitinne;
- Réamhaisnéis geilleagracha a ullmhú chun eolas a dhéanamh do sholáthar tithíochta agus ceanglais éilimh;
- Ionchur i gcostáil ar thograí/thionscnaimh nua agus i moltaí ar chórais mhaoinithe;
- Tabhairt faoi staidéir luach ar airgead agus iad a bhainistiú
- Scrúdú grinn a dhéanamh ar shonraí eacnamaíochta agus staitistiúla d'fhonn moltaí, beartais agus pleananna a chur ar bhonn foirmiúil
- Athrú a threorú agus modheolaíochtaí nua/athbhreithnithe a thabhairt isteach de réir mar is gá.
- Ionchur i gcomhairle eacnamaíoch faoi bheartas tithíochta a sholáthar don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, de réir mar is gá;
- Comhairle eacnamaíoch a chur ar fáil chun eolas a dhéanamh do Straitéis na Gníomhaireachta Tithíochta;
- Tuarascálacha a scríobh ar na torthaí ar aon staidéir taighde eacnamaíochta agus ar aon mheastóireacht ar chúrsaí tithíochta a cheap Stiúrthóir na Léargas agus na n-Oibríochtaí.
- Ábhar a sholáthar mar fhreagra ar Cheisteanna Parlaiminteacha, iarratais ar Shaoráil Faisnéise agus iarratais Roinne, de réir mar is gá;
- Cuidiú le maoirseacht a dhéanamh ar aon tograí taighde eacnamaíochta a dhéanann eagraíochtaí seachtracha nó a dhéanann daoine aonair ar conradh leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus le cinntiú go gcuirtear i gcrích i gceart iad
- Dul i gcomhairle le soláthróirí seirbhísí seachtracha de réir mar is gá.
- Monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar riosca i gcomhréir le bainistíocht riosca na Gníomhaireachta;
- Próisis agus nósanna imeachta a chomhlíonadh leis na riachtanais ábhartha ar fad den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú;
- Tabhairt faoi fheidhmeanna sainiúla eile de réir mar a éilíonn an Gníomhaireacht Tithíochta ó am go ham.

Ní liosta cuimsitheach é an méid atá thuas, agus ní mhaíonn gur liosta cuimsitheach é de na dualgais agus na freagrachtaí atá i gceist agus, dá bharr sin, seans go mbeidh ar an sealbhóir poist dualgais eile a dhéanamh atá oiriúnach don phost a bhféadfadh a bheith leagtha air/uirthi ó am go ham.

Bunriachtanais

Beidh na nithe a leanas ag an iarrthóir rathúil:

- Cáilíocht tríú leibhéal ábhartha, go hidéalach ag leibhéal na Máistreachta, in Eacnamaíocht nó disciplín ábhartha eile a bhí Eacnamaíocht nó Airgeadas mar mhodúl substainteach den chúrsa.
- Ardscileanna TF agus uimhearthachta forbartha go háirithe Excel.
- Taithí shuntasach iarcháilíochta ábhartha ag feidhmiú ag leibhéal bainistíochta i réimse gaolmhar.

Scileanna, tréithe, agus gnéithe tarraingteacha

Beidh na nithe a leanas ag an iarrthóir rathúil:

- Tuiscint ar an timpeallacht beartais phoiblí reatha taobh istigh den earnáil Tithíochta ar fud na hÉireann, príomh-saincheistanna tithíochta agus conas a théann siad seo i bhfeidhm ar obair na Gníomhaireachta
- Taithí ar mheasúnuithe eacnamaíocha agus ar anailísí ar luach ar airgead a chur chun feidhme
- An tiomantas don fhoghlaim agus don oiliúint phearsanta agus oscailteacht maidir le haiseolas.
- Scileanna eagrúcháin iontacha a bheith aige/aici, agus compordach a bheith ag obair i dtimpeallacht dhúshlánach, faoi bhrú go minic, agus ag fanacht solúbtha, réamhghníomhach, seiftiúil agus éifeachtúil.
- Scileanna anailíseacha ar ardchaighdeán a bheith aige/aici, agus an cumas príomhfhadhbanna a aithint chomh maith leis na deiseanna agus rioscaí gaolmhara.
- A bheith in ann cuntas teiste láidir a thaispeáint maidir le breithiúnas ciallmhar gairmiúil a dhéanamh.
- scileanna cumarsáide idirphearsanta, labhartha agus scríofa den scoth a bheith aige/aici
- Tréithe ceannaireachta láidre a thaispeáint, leis an gcumas daoine a spreagadh, éiteas foirne a spreagadh agus comhoibriú éifeachtach a chur chun cinn
- Cumas feidhmiú go hiontaofa ar leibhéal shinsearacha, taobh istigh den Gníomhaireacht agus go seachtrach araon.
- A bheith in ann cuntas teiste láidir maidir le roinnt clár, tionscadal, agus tasc a bhainistiú ar bhealach éifeachtach.
- In ann tuiscint a léiriú ar na riachtanais agus dúshláin a bhaineann le hobair éifeachtach i dtimpeallacht ildisciplíneach, lena n-áirítear an tsolúbthacht chun a

bheith ag obair go héifeachtach le comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara ar fud teorainneacha earnála, eagrúcháin, agus gairmiúla.

- Bheith in ann tuiscint chuspóirí na Gníomhaireachta a léiriú, chomh maith le heolas maith faoin timpeallacht ina bhfeidhmíonn sí agus faoi na hoibleagáidí áirithe a thagann ó stádas na Gníomhaireachta mar chomhlacht poiblí atá maoinithe go hiomlán ag an Státchiste, agus tiomantas láidir freastal ar leas an phobail a léiriú.

Inniúlachtaí

Beifear ag súil go mbeidh sé de chumas ar iarrthóirí a léiriú go bhfuil na príomhinniúlachtaí seo a leanas acu:

Ceannaireacht agus Treo Straitéiseach

- Treoraíonn sé nó sí an fhoireann, ag leagan síos ardchaighdeán, ag dul i ngleic le haon fhadhbanna feidhmíochta agus ag éascú ardfheidhmíochta (spreagann sé/sí muinín, soiléiríonn sé/sí an cuspóir, ailíníonn sé/sí córais agus caomhnaíonn sé/sí tallann agus pleanálann sé/sí gníomhartha)
- Cuidíonn sé nó sí le múnú straitéis agus bheartas na Gníomhaireacht Tithíochta
- Forbraíonn sé nó sí acmhainn agus cumas ar fud na foirne trí tharmligean éifeachtach.
- Forbraíonn sé nó sí cultúr foghlama agus forbartha, ag tairiscint cóitseála agus aiseolas cuiditheach/tacúil.
- Tugann sé nó sí treoir maidir le hullmhú le haghaidh athrú agus athchóiriú suntasach agus le haghaidh iad a chur chun feidhme.
- Réamh-mheasann agus freagraíonn sé nó sí go tapa d'fhorbairtí san earnáil/timpeallacht níos leithne.
- Comhoibríonn sé nó sí go gníomhach le Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha

Anailís agus Cinnteoireacht

- Déanann sé/sí taighde críochnúil ar shaincheisteanna, ag dul i gcomhairle go hiomchuí chun an fhaisnéis uile a theastaíonn ón tsaincheist a bhailiú.
- Faigheann sé/sí tuiscint go gasta ar shaincheisteanna casta, agus sonraí (lena n-áirítear sonraí uimhriúla) á dtógáil isteach agus á measúnú go cruinn aige/aici
- Comhtháthaíonn sé/sí gnéithe éagsúla faisnéise, agus idirghaolta agus naisc á sainaithint aige/aici
- Déanann sé/sí cinntí soiléire, tráthúla agus cumasacha maidir le saincheisteanna tábhachta.
- Breithníonn sé/sí impleachtaí níos leithne na gcinntí ar réimse páirtithe leasmhara.
- Glacann sé/sí le seasamh daingean maidir le saincheisteanna atá tábhachtach dó/di.

Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar

- Glacann sé/sí le freagracht as tascanna dúshlánacha agus cuireann sé/sí iad i gcrích in am agus ar ardchaighdeán.

- Déanann sé/sí obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ag brath ar thábhacht, ar amscálaí agus ar shrianta eile ar acmhainní, agus tosaíochtaí á n-athbhreithniú aige/aici i bhfianaise cúinsí athraitheacha.
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil seirbhís éifeachtúil do chustaiméirí ag croílár obair na feidhme.
- Breathnaíonn sé/sí go criticiúil ar shaincheistean le féachaint conas rudaí a dhéanamh ar bhonn níos fearr.
- Tá sé/sí oscailte maidir le smaointí agus tionscnaimh nua agus réitigh chruthaitheacha ar fhadhbanna.
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil rialuithe agus bearta feidhmíochta i bhfeidhm chun seirbhísí éifeachtúla, ardluacha a sholáthar.
- Bainistíonn sé/sí tionscadail iolracha go héifeachtach.

Caidrimh & Cumarsáid a Fhorbairt

- Cuireann sé/sí faisnéis ar fáil ar shlí mhuiníneach, loighciúil agus áititheach, ó bhéal agus i scríbhinn
- Spreagann sé/sí plé oscailte agus cruthaitheach maidir le saincheistean oibre.
- Cuireann sé/sí obair foirne chun cinn laistigh den rannóg, ach oibríonn sé/sí go héifeachtach ar thionscadail ar fud na Ranna/na Rannóg
- Coimeádann sé/sí guaim agus féinsmacht agus é/í ag obair chun tionchar a imirt ar dhaoine eile.
- Cothaíonn sé/sí béim láidir ar Sheirbhís do Chustaiméirí ina réimse féin.
- Forbraíonn sé/sí agus coimeádann sé/sí líonra de theagmhálacha chun réiteach fadhbanna nó comhroinnt faisnéise a éascú
- Téann sé/sí i dteagmháil go héifeachtach le raon de pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear daoine den phobail, Comhghleacaithe sa tSeirbhís Phoiblí agus an córas polaitiúil

Treallús agus Tiomantas

- Déanann sé/sí a dhícheall/dícheall i gcónaí chun feidhmiú ar ardleibhéal.
- Taispeánann sé/sí tiomantas pearsanta, agus diongbháilteacht agus dianseasmhacht á gcoimeád aige/aici.
- Tá sé/sí iontaofa agus macánta go pearsanta, agus gealltanais agus tiomantais á gcomhlíonadh aige/aici.
- Cinntíonn sé/sí go mbíonn an saoránach ag croílár na seirbhísí uile a chuirtear ar fáil.
- Tá sé/sí acmhainneach, agus coimeádann sé/sí guaim fiú i gcásanna diúltacha nó dúshlánacha.
- Cuireann sé/sí cultúr chun cinn ina gcothaítear na caighdeáin eitice agus macántachta is airde.

Eolas Speisialtóra, Saineolas agus Féinforbairt

- Tá eolas faoin tithíocht, agus fadhbanna a bhaineann leis an tithíocht inmhianaithe.
- Forbraíonn agus coimeádann sé/sí scileanna agusaineolas a bhaineann lena réimse.

- Coimeádann sé/sí fócas láidir ar an bhféinfhorbairt, ag iarraidh aiseolais agus deiseanna fáis.
- Sainaitheann sé/sí príomhfhorbairtí eagraíochta, earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus coinníonn sé/sí cothrom le dáta ina leith, go háirithe maidir le tithíocht.

Scála Tuarastail – Scála Tuarastail – Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach – Grád 8 Scálaí ÚA

€80,165, €80,880, €84,026, €87,191, €90,362, €93,500, €96,657,

- BFS1 €100,238

LSI2 €105,945

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

Incháilitheacht chun dul in iomaíocht:

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun dul in iomaíocht ar fáil do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. D'fhéadfadh saoránaigh de chuid na hEilvéise a bheith san áireamh chomh maith faoi chomhaontuithe an AE. Is gá go mbeadh iarratasóirí mar shaoránaigh de chuid an LEE faoin dáta a bhaineann le tairiscint poist ar bith chun go gcáileoidís. Ní mór d'iarrthóirí incháilithe bheith i gceann de na catagóirí seo a leanas:

- a) Saoránach den Limistéir Eorpach Eacnamaíoch. Áirítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar chuid den LEE chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
- c) Saoránach na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó
- d) Saoránach neamh-LEE atá mar chéile nó mar leanbh ag saoránach LEE nó saoránach na hEilvéise ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
- e) Duine dár tugadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó ball teaghlaigh ar bith atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh ag a bhfuil víosa stampa 4; nó
- f) Saoránach neamh-AE ag a bhfuil víosa stampa 4 agus atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach atá mar shaoránach de bhallstát LEE nó den Eilvéis agus a chónaíonn ann.

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais – Dé Luain, 16ú Meitheamh 2025 ag 12 meán lae.

Nós Imeachta an Iarratais

Ní mór d'iarrthóirí na nithe a leanas a chur ar fáil:

- a. foirm iarratais chomhlánaithe de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta
- b. Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú.
- c. Ba cheart iarratais a chlósscríobh agus a chur isteach le ríomhphost i bhformáid PDF chuig recruitment@housingagency.ie
- d. Déanfar iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil.
- e. Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe.
- f. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an sprioc-am /spriocdháta in imthosca ar bith
- g. Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son.

Dá ndéanadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú nó dá n-éireodh an duine as an bpost tar éis é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fheadfadh an Gníomhaireacht, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.

